Scéalta Spóirt an Lae

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar scéalta spóirt an lae. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal/ na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. sách aclaí _____
2. gualainn _____
3. tagtha chuige féin _____
4. faoi réir _____
5. a fuair an ceann is fearr _____
6. muineál _____
7. an tairiscint _____
8. lucht leanúna _____
9. d'éirigh le _____
10. thug siad an lá leo _____
11. iomráiteach _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus tabhair cúig phointe eolais don duine in aice leat faoina bhfaca tú.

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus breac síos pointe amháin eolais faoi na daoine seo a luadh inti.

Jamie Heaslip	
Eoin Reddin	
Johnny Sexton	
Murray, Fitzgerald & Kearney	
Warren Gatland	
David Wilson	
Dan Cole	
Harry Kane	
Eoin Doyle	
New England Patriots	
The Seattle Seahawks	

Ceist 4 '…go raibh…'

Féach ar an mír arís agus breac síos gach sampla den bhriathar ***bí*** a chloiseann tú inti. Cén aimsir lena mbaineann na samplaí a d'aimsigh tú?

Ceist 5 Bhí leagan eile de na focail seo sa mhír. An bhfuil cuimhne agat ar na leaganacha sin? Bí ag obair leis an duine in aice leat.

aclaí go leor	_____ aclaí
in éadan	_____
biseach air	_____
an lámh in uachtar	_____
ag druidim linn	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An duine aclaí tú nó an duine mór spóirt tú?
2. Cén tábhacht a bhaineann le spórt náisiúnta don tír?
3. Cad is féidir a dhéanamh faoi fhadhb na ndrugaí sa spórt proifisiúnta?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. sách aclaí	*fit enough*
2. gualainn	*shoulder*
3. tagtha chuige féin	*recovered*
4. faoi réir	*ready*
5. a fuair an ceann is fearr	*that got the better of*
6. muineál	*neck*
7. an tairiscint	*the offer*
8. lucht leanúna	*supporters*
9. d'éirigh le	*succeeded*
10. thug siad an lá leo	*they won (they seized the day)*
11. iomráiteach	*well-known*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

go raibh míle maith agat – an modh foshuiteach láithreach
an mbeidh Jamie Heaslip – an aimsir fháistineach
Bhí an ghualainn gortaithe aige – an aimsir chaite
Táthar ag súil – an aimsir láithreach, briathar saor
go mbeidh sé féin agus Eoin Redden – an aimsir fháistineach
nach mbeidh Johnny Sexton – an aimsir fháistineach
go mbeidh sé féin agus Cian Healy – an aimsir fháistineach
go bhfuil Conor Murray – an aimsir láithreach
cé **a bheas ag imirt** – leagan canúnach den leagan ***a bheidh***, an aimsir fháistineach
Ní raibh súil ar bith – an aimsir chaite
nach mbeidh David Wilson – an aimsir fháistineach
ar a mhuineál **a bheith** gortaithe **–** an t-ainm briathartha
beidh seisean ar fáil – an aimsir fháistineach
tá conradh nua ag – an aimsir láithreach
Tá Wilfried Zaha – an aimsir láithreach
Níl aon scéal – an aimsir láithreach
imreoirí **a bheith** á ndíol – an t-ainm briathartha
Tá Eoin Doyle – an aimsir láithreach
an tairiscint **atá** déanta – an aimsir láithreach
le buntáistí **a bheith** – an t-ainm briathartha
tá lucht leanúna – an aimsir láithreach

Ceist 5

aclaí go leor	*sách* aclaí
in éadan	*i gcoinne*
biseach air	*tagtha chuige féin*
an lámh in uachtar	*an ceann is fearr*
ag druidim linn	*buailte linn*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Áine Lally
Go raibh míle maith agat a Eimear. Cúrsaí rugbaí ar dtús agus ní fios go cinnte fós an mbeidh Jamie Heaslip sách aclaí le dul ag imirt i gcoinne na hIodáile i gComórtas na Sé Náisiún Dé Sathairn seo chugainn. Bhí a ghualainn gortaithe aige ach táthar ag súil go mbeidh sé féin agus Eoin Reddan i mbun traenála amárach. Cé nach mbeidh Johnny Sexton tagtha chuige féin in am don chluiche sa Róimh faoi cheann cúig lá, meastar go mbeidh sé féin agus Cian Healy ar fáil don chluiche i gcoinne na Fraince an deireadh seachtaine ina dhiaidh sin. Dea-scéala is ea é go bhfuil Conor Murray, Luke Fitzgerald agus Dave Kearney faoi réir anois le páirt a ghlacadh i seisiún iomlán traenála.

Maidir le foireann rugbaí na Breataine Bige, thug Warren Gatland le fios inniu cé a bheas ag imirt i gcoinne Shasana i gComórtas na Sé Náisiún tráthnóna Dé hAoine. Ní raibh súil ar bith le scéala ó Gatland chomh luath seo sa tseachtain. Dhá athrú atá déanta ar an bhfoireann, a fuair an ceann is fearr ar an Afraic Theas i mí na Samhna. Tá George North agus Richard Hibbard ar ais ar an bhfoireann. Ach, drochscéala do Shasana nach mbeidh David Wilson ar fáil le dul ag imirt Dé hAoine, mar gheall ar a mhuineál a bheith gortaithe. Tá Dan Cole tagtha chuige féin ó ghortú agus beidh seisean ar fáil don chluiche i gcoinne na Breataine Bige.

Sacar anois, agus tá conradh nua cúig bliana go leith sínithe ag Harry Kane do Tottenham. Tá Wilfried Zaha ar ais arís le Crystal Palace. Níl aon scéala mór go dtí seo ann faoi imreoirí sacair a bheith á ndíol nó á gceannach agus an sprioc lena leithéid a dhéanamh buailte linn. Tá Eoin Doyle na hÉireann ceannaithe ag Cardiff City ach scrúdú leighis a dhéanamh. Chaith Doyle tréimhsí ag imirt do Shamrock Rovers agus do Sligo Rovers. D'aimsigh fear Bhaile Átha Cliath cúig chúl agus fiche do Chesterfield an séasúr seo. Cúig chéad míle punt an tairiscint atá déanta chomh maith le buntáistí eile a bheith ar fáil don imreoir.

Peil Mheiriceánach anois ar deireadh agus tá lucht leanúna na *New England Patriots* i mBostún agus ar fud na cruinne fós ag ceiliúradh tráthnóna ó bhuaigh an fhoireann an *Super Bowl* den chéad uair le deich mbliana aréir. D'éirigh leis na *Patriots* an ceann is fearr a fháil ar sheaimpíní na bliana seo caite, *The Seattle Seahawks*. Thug na *Patriots* an lá leo leis an scór 28 / 24 in Arizona aréir. An corn iomráiteach gnóthaithe arís mar sin ag na *New England Patriots*.